COIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016

EACNAMAÍOCHT BHAILE

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

FORMÁID AN MHEASÚNAITHE

TASCANNA I SCILEANNA BIA AGUS CÓCAIREACHTA

Beidh an leagan amach seo a leanas ar an scrúdú:

Ardleibhéal:	(i)	Scrúdú Scríofa	300 marc (50%)
	(ii)	Scrúdú i Scileanna Bia agus Cócaireachta	210 marc (35%)
	(iii)	Staidéar Roghnach: Obair Thionscadail	90 marc (15%)
Gnáthleibhéal:	(i)	Scrúdú Scríofa	240 marc (40%)
	(ii)	Scrúdú i Scileanna Bia agus Cócaireachta	270 marc (45%)
	(iii)	Staidéar Roghnach: Obair Thionscadail	90 marc (15%)

SCRÚDÚ I SCILEANNA BIA AGUS CÓCAIREACHTA

AM: 1½ UAIR

ARDLEIBHÉAL - 210 MARC GNÁTHLEIBHÉAL - 270 MARC

Is liosta tascanna do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh in 2016 é seo a leanas.

- Déanfaidh gach iarrthóir scrúdú praiticiúil i láthair scrúdaitheora a cheapfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
  Mairfidh an scrúdú 1 uair 30 nóiméad.
  Ceadófar do gach iarrthóir tréimhse 30 nóiméad a chaitheamh ag ullmhú roimh an scrúdú.
  D'fhéadfadh scrúdaitheoir comhairleach a bheith i láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar obair an scrúdaitheora.

- Is é líon na n-iarrthóirí in aghaidh gach seisiúin scrúduithe ná 12.

- Ba chóir sé cinn as na seacht dtasc a dháileadh go cothrom i ngach seisiún scrúduithe.
  Tarraingeoidh gach iarrthóir tasc amháin as liosta na sé thasc atá roghnaithe agus déanfaidh sé/sí an tasc sin.

- Ní ceadmhach níos mó ná 2 iarrthóirí a bheith i mbun gach tasc ar leith i ngrúpa scrúduithe.
  Ní chuirfear an socrú sin i bhfeidhm aon áit a mbíonn 2 rang-ghrúpa cónasctha.

- Tarraingeoidh na hiarrthóirí a dtasc indibhidiúil féin don scrúdú seo, faoi mhaoirseacht Mhúinteoir na hEacnamaíochta Baile, **coicís ar a laghad** roimh an scrúdú.

- Ba chóir próiseas an dearaidh a leanúint de réir mar is cuí don tasc.

- **Ba chóir do na múinteoirí an t-eolas ar leathanach 4 a thabhairt d'aire na n-iarrthóirí**.

TASCANNA I SCILEANNA BIA AGUS CÓCAIREACHTA

1. Is comhábhar riachtanach sa bhácáil bhaile é an plúr.
Ainmnigh trí chineál éagsúla plúir a úsáidtear sa bhácáil bhaile.
Luaigh sampla éagsúil den úsáid a bhaintear as gach cineál plúir díobh nuair a bhíonn scónaí agus muifíní á ndéanamh.
Ullmhaigh baisc scónaí agus baisc muifíní chun do chuid scileanna bácála a léiriú agus tú ag úsáid dhá cheann ar a laghad de na cineálacha plúir a d'ainmnigh tú.
Ríomh costas na scónaí nó na muifíní agus cuir an costas sin i gcomparáid le costas táirge tráchtála atá cosúil leo.

2016

2. Tá réimse leathan roghanna ann le haghaidh cócaráil torthaí agus glasraí, rud a chuireann lena n-ilúsáidteacht.
Liostaigh roinnt modhanna sláintiúla le torthaí agus glasraí úra a chócaráil.
Mol roinnt mias cothaitheach a d'fhéadfaí a dhéanamh le héagsúlacht torthaí úra agus/nó glasraí úra.
Bain úsáid as torthaí úra agus/nó as glasraí úra agus ullmhaigh, cócaráil agus riar mias neamh-mhilis amháin agus mias mhilis amháin ina mbaintear úsáid as dhá mhodh cócaireachta dhifriúla.

2016

3. Tá sé aitheanta le fada an lá go bhfuil an t-iasc ar cheann de na bianna nádúrtha is sláintiúla.
Dear agus leag amach biachlár dhá chúrsa le haghaidh dinnéir agus bíodh iasc úr nó iasc deataithe mar príomh-chomhábhar ann.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar príomhchúrsa iomlán an bhéile, dóthain do bheirt ar a laghad, chun do chuid scileanna a léiriú.
Ullmhaigh agus riar an cúrsa tosaigh nó an mhilseog chun an béile a chomhlánú.

2016

4. Bíonn riachtanais speisialta chothaithe ag daoine áirithe.
Dear agus leag amach biachlár dhá chúrsa a bheadh oiriúnach do bhéile tráthnóna
(i) do lachtveigeatóir nó (ii) do dhuine fásta óg a bhfuil ainéime air.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar príomhchúrsa iomlán an bhéile.
Ullmhaigh agus riar an cúrsa tosaigh nó an mhilseog chun béile an tráthnóna a chomhlánú.

2016

5. Is féidir sult agus tairbhe a bhaint as cócaireacht le haghaidh ócáid speisialta sa bhaile, agus is féidir leis a bheith éifeachtúil ó thaobh an chostais de.
Ainmnigh ócáid speisialta de do rogha féin agus déan liosta de bhianna milse agus de bhianna neamh-mhilse a d'fhéadfaí a riar don ócáid.
Ullmhaigh agus riar mias neamh-mhilis amháin agus mias mhilis amháin a bheadh oiriúnach don ócáid, chun do scileanna cócaireachta agus cruthaitheacha a léiriú. (Ní mór ceann amháin de na miasa a chócaráil.)
Ríomh an costas ar an dá mhias.

2016

6. Is tábhachtach rogha shláintiúil a dhéanamh nuair a bhíonn tú ag socrú cad a bheidh agat don lón.
Mol roinnt mias neamh-mhilis agus sneaiceanna a d'fhéadfaí a riar i gceaintín na scoile.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar mias neamh-mhilis amháin chun do scileanna cócaireachta a léiriú.
Ullmhaigh sneaic a bheadh oiriúnach lena riar i gceaintín na scoile agus cuir i láthair é.
Ríomh an costas ar an mias neamh-mhilis.

2016

7. Bíonn trí sciar as an ngrúpa bainne agus déiríochta ag teastáil ó leanaí chun go bhfaighidh siad an méid cailciam a theastaíonn le haghaidh cnámha atá ag fás.
Déan liosta de roinnt mias príomhchúrsa ina n-úsáidtear táirgí déiríochta agus a d'fhéadfaí a riar mar phríomhbhéile an lae.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann amháin de na miasa ar do liosta.
Ullmhaigh agus riar milseog nó deoch chothaitheach chun an béile a chomhlánú.

2016

STAIDÉAR ROGHNACH: OBAIR THIONSCADAIL

MARCANNA - 90

Ní mór do gach iarrthóir obair thionscadail as ceann **amháin** de na réimsí seo den siollabas a chur i láthair:

* **Cúram Páistí**
* **Dearadh agus Ceardaíocht**
* **Scileanna Teicstílí.**

Ní mór scrúduimhir an iarrthóra a scríobh go soiléir ar an obair thionscadail a chuirtear i láthair i gcomhair scrúdúcháin.

EOLAS DO MHÚINTEOIRÍ AGUS D'IARRTHÓIRÍ

- Ba chóir fianaise ar réamhthaighde agus ar réamhphleanáil a chur i láthair i bhfillteán agus ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh:

  - an tasc a roghnaíodh
  - anailís ar thrí thoisc ábhartha a bhaineann leis an tasc áirithe sin
  - dhá réiteach fhéideartha a fiosraíodh
  - an réiteach nó na réitigh a roghnaíodh agus na cúiseanna ar roghnaíodh é/iad
  - ba chóir go sásódh an réiteach critéir an taisc agus ba chóir go dtabharfadh sé deis don iarrthóir tabhairt faoi na scileanna cuí a ghabhann le caighdeán an Teastais Shóisearaigh a léiriú go fónta le linn an scrúdaithe
  - plean oibre/ama don scrúdú. Ba chóir go gcuirfí san áireamh sa phlean oibre go mbeidh am ag teastáil chun meastóireacht scríofa a dhéanamh ag deireadh an scrúdaithe
  - liosta na n-acmhainní atá ag teastáil, e.g. comhábhair, trealamh, etc.

- Is gá ábhar scríbhneoireachta a bheith ag na hiarrthóirí chun an mheastóireacht scríofa a dhéanamh le linn an scrúdaithe.

- Ba chóir go mbeadh scrúduimhir an iarrthóra agus uimhir an taisc le feiceáil go soiléir sa chaoi gur féidir gach iarrthóir, gach láthair oibre agus gach ábhar scríofa a aithint go furasta.

- Ba chóir go mbainfí a oiread úsáide agus is féidir as comhábhair úra agus a laghad agus is féidir as bianna áise chun gur fearr a léireoidh iarrthóirí a gcuid scileanna cócaireachta agus cur i bhfeidhm na bprionsabal cócaireachta.

- Níor chóir go ndéanfaí níos mó ná na bunriachtanais nuair a bhíonn comhábhair á réiteach roimh ré, i.e. ní miste na comhábhair a mheá agus na glasraí a ní ach gan iad a scamhadh ná a mhionghearradh, etc.

- Ba chóir go gcloífeadh na hiarrthóirí le cleachtais oibre atá sábháilte agus sláintiúil.

- Beidh ar na hiarrthóirí na huirlisí agus an trealamh ar baineadh úsáid astu i gcaitheamh an taisc a ghlanadh ina ndiaidh agus iad a fhágáil ar an mbord go seiceálfaidh an scrúdaitheoir iad.

- Ní miste cócaireáin gháis a lasadh roimh ré ach ní foláir do na hiarrthóirí féin an teocht riachtanach a shocrú le linn an scrúdaithe.

- Ní mór do gach iarrthóir meastóireacht ghearr ar an tasc a scríobh le linn an scrúdaithe. Aon áit a bhfuil meastóireacht nó comparáid luaite mar chuid den tasc, ba choir sin a bheith san áireamh sa mheastóireacht ghinearálta a dhéantar de ghnáth.

2016